Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**13036/24**

**STATIS 94**
**ECOFIN 955**
**UEM 279**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Meán Fómhair 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2024) 6024 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 2.9.2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tagairtí d’aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta (NACE) a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2024) 6024 final.

---

Faoi iamh: C(2024) 6024 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.9.2024
C(2024) 6024 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2.9.2024**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tagairtí d'aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta (NACE) a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, bunaíodh Athbhreithniú 2 ar an aicmiú comhchoiteann staidrimh maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach (NACE Ath. 2), a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2008.

Ón uair a tháinig NACE Ath. 2 i bhfeidhm, tá athrú tagtha de réir a chéile, mar gheall ar an domhandú agus an digitiú, ar an mbealach a dhéantar go leor gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar fud an domhain. Leis na hathruithe sin, rinneadh difear, go hidirnáisiúnta agus laistigh den Aontas araon, don staidreamh atá bunaithe ar aicmithe gníomhaíochtaí eacnamaíocha.

Ba ghá NACE Ath. 2 a thabhairt cothrom le dáta mar gheall ar na hathruithe sin, chun é a choinneáil inchomparáide agus comhsheasmhach leis na caighdeáin maidir le haicmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha a úsáidtear go hidirnáisiúnta. Dá bhrí sin, agus chun é a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla agus eolaíocha freisin, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe 2023/137 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena mbunaítear NACE arna thabhairt cothrom le dáta (NACE Ath. 2.1).

Tá ceanglais maidir le tarchur sonraí a thagraíonn do ranna, do rannáin, do ghrúpaí nó d'aicmí sonracha de NACE Ath. 2 in go leor gníomhartha dlí a bhaineann le fearainn staidrimh éagsúla. Ní mór na gníomhartha sin a leasú, ionas go sloinnfear iad i dtéarmaí na gceanglas atá comhoiriúnach le NACE Ath. 2.1.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne an Coimisiún na comhairliúcháin ábhartha agus an gníomh tarmligthe seo á ullmhú aige. Chuathas i gcomhairle le sainghrúpa neamhfhoirmiúil an Choimisiúin ar a dtugtar an 'Mheitheal ar Chaighdeáin' an 7 agus an 8 Nollaig 2023.

Thairis sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an ngrúpa saineolaithe neamhfhoirmiúil 'Oifigí Staidrimh Náisiúnta an Chórais Staidrimh Eorpaigh'.

Choinnigh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir le hullmhú an ghnímh tharmligthe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 184/2005, leagtar amach cuspóir an ghnímh tharmligthe seo, is é sin Iarscríbhinn I a thabhairt cothrom le dáta chun athruithe teicniúla a chur san áireamh.

Leis an ngníomh tarmligthe leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 184/2005.

Baineann an gníomh tarmligthe le hábhar a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus, dá bhrí sin, ba cheart a chur i bhfeidhm a leathnú chun LEE a chumhdach.

Níl aon impleacht ag an ngníomh tarmligthe maidir le buiséad an Aontais.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2.9.2024**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tagairtí d'aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta (NACE) a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Eanáir 2005 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le comhardú íocaíochtaí, le trádáil idirnáisiúnta seirbhísí agus le hinfheistíocht dhíreach choigríche [1], agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], bunaíodh aicmiú comhchoiteann staidrimh maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas ('NACE Ath. 2'), a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2008.

(2) Tar éis do NACE Ath. 2 teacht i bhfeidhm tá athrú déanta de réir a chéile, mar gheall ar an domhandú agus an digitiú, ar an mbealach a soláthraíonn go leor gníomhaíochtaí eacnamaíocha earraí agus seirbhísí ar fud an domhain.

(3) Mar thoradh ar na hathruithe sin, ba ghá NACE Ath. 2 a thabhairt cothrom le dáta, chun a inchomparáideacht agus a chomhleanúnachas a choinneáil ar bun leis na caighdeáin maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmiú a úsáidtear ar an leibhéal idirnáisiúnta. Dá réir sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún[3], leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 agus bunaíodh an t- aicmiú arna thabhairt cothrom le dáta ('NACE Ath. 2.1').

(4) Chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí measúnú a dhéanamh ar na hathruithe mionsonraithe in NACE agus chun an leagan roimhe sin den aicmiú a chur i gcomparáid leis an leagan arna thabhairt cothrom le dáta, cuireadh tábla

1 IO L 35, 8.2.2005, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/184/oj.

2 Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 (IO L 19, 20.1.2023, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/137/oj).

comhfhreagrais[4] ar fáil d'úsáideoirí an aicmithe an 1 Lúnasa 2023, mar aon le nótaí míniúcháin[5].

(5) An corpas mór reachtaíochta lena leagtar amach ceanglais maidir le tarchur sonraí lena dtagraítear do ranna, rannáin, grúpaí nó aicmí sonracha NACE, áirítear Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ann. Chun a áirithiú go sloinnfear na ceanglais sin maidir le tarchur i dtéarmaí atá comhoiriúnach leis an aicmiú arna thabhairt cothrom le dáta (NACE Ath. 2.1), ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 a leasú.

(6) Ós rud é go bhfuil gráinneacht an aicmithe arna thabhairt cothrom le dáta cosúil le gráinneacht bhunleagan an aicmithe, ní fhorchuirfeadh na leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 a leagtar amach sa Rialachán seo aon ualach breise ar na Ballstáit ná ar fhreagróirí.

(7) Níor cheart comhlíonadh an aicmithe arna thabhairt cothrom le dáta a bheith ina cheanglas láithreach, toisc gur gá tréimhse áirithe chun go mbeidh soláthraithe sonraí in ann oiriúnú do na ceanglais rialála nua. Ba cheart a mheabhrú go leagtar amach dáta curtha siar chur i bhfeidhm i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137, lenar leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006. Dá bhrí sin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar chomh maith.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm leis ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, a mhéid a bhaineann le tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat) a bhaineann le gach tréimhse thagartha dar tús an dáta sin nó dá éis.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2.9.2024

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

---

4 https://europa.eu/!f6H9nX
5 https://europa.eu/!FNRFFB